

## Nós Imeachta i gCás Éilimh ar Ghortuithe



Déanfaidh C.L.G na Ceathrún Ruaidh chuile iarracht cúram leighis a chur ar fáil dár gcuid imreoirí má ghortaítear iad i mbun imeartha nó traenála don chumann.

Mar gheall ar chuinsí airgid, caithfear rialacha a leagan síos maidir leis an gcúram seo:

- **Imreoirí Fásta**

Ní íocfaidh CLG na Ceathrún Ruaidh aon chostaisí ospidéal/leighis/fiaclóra muna bhfuil na foirmeacha cuí árachas líonta amach agam taobh istigh de 30 lá ó dháta an ghortú. Tá an freagracht go h-iomlán ar an t-imreoir é seo a chuinntiú. Tá an fhoirm árachais le fáil ó 0861050970.

Má theastaíonn cúram fisiteiripe uait, is í **Aofáine Breathnach** fisiteiripeoir an chumann. Sa gcás go bhfuil éileamh a dhéanamh agat ar fisiteiripe eile, caithfidh é sin é chur in iúl do Cathaoirleach an chumann roimh ré ag 0870574984.

### **Nósanna imeachta maidir le cúram fisiteiripe:**

Ar dtús, sula ndéanann sé/sí teagmháil leis an bhfisiteiripeoir, caithfidh an t-imreoir cur in iúl dá bhainisteoir go bhfuil sé/sí ag dul chuig an bhfisiteiripeoir.

Íocfaidh an t-imreoir féin an táille leis an bhfisiteiripeoir agus aisíocfaidh an cumann an t-airgead leis an t-imreoir. Chun an aisíoc seo a fháil, caithfidh an t-imreoir an admháil a thabhairt don chisteoir(0879024540) laistigh de choicís ó dáta an choinne.

Ag aon ócáid a dhéantar coinne le fisiteiripeoir, caithfear an bainisteoir a bheith ar an eolas faoi fiú amháin más coinnithe leanúnach iad.

### Nósanna imeachta i gcás drochghortuithe:

I gcás gortaithe agus imreoir ag traenáil nó ag imirt le C.L.G An Cheathrú Rua, caithfear cloí leis na nósanna imeachta seo a leanas chun go bhféadfaidh an Club d'éileamh a phróiseáil.

- Caithfidh sé/sí foirm árachais a líonadh laistigh de 30 lá ó am an ghortaithe. Tá an foirm seo le fáil ó 0861050970.
- Má tá an t-imreoir páirteach i scéim árachais eile (VHI etc.) caithfidh sé/sí ráiteas a sholáthar don scéim sin a shonraíonn a (h)éileamh.
- **Mura mbeidh an fhoirm líonta i gceart agus in am ní íocfaidh an cumann as aon obráid nó cúram eile leighis a theastóidh uait.**

### Imreoirí Faoi Aois

- Ní féidir cúram fisiteiripe an chumainn a usáid le gortaithe mo mhac/iníon gan treoir a fháil ó dhochtúir i dtosach agus caithfear é a chur in iúl do bhainisteoir an fhoireann sula ndéanfar coinne.
- **Tabhachtacht:** Ní íocfaidh CLG na Ceathrún Ruaidh aon chostais ospidéal/leighis/fiaclóra muna bhfuil na foirmeacha cuí árachas líonta amach agam taobh istigh de 30 lá. **Tá an freagracht go h-iomlán ar an tuismitheoir é seo a chuinntiú. Tá an fhoirm árachais le fáil ó 0861050970.**